Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**Lucsamburg, 24 Meitheamh 2024**
**(OR. en)**

**11296/24**

**COHOM 137**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 24 Meitheamh 2024 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an nuashonrú ar Threoirlínte an Aontais maidir le Leanaí agus Coinbhleacht Armtha |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an nuashonrú ar Threoirlínte an Aontais maidir le Leanaí agus Coinbhleacht Armtha, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad ag an 4038ú cruinniú dá cuid, a tionóladh an 24 Meitheamh 2024.

## Conclúidí ón gComhairle maidir leis an nuashonrú ar Threoirlínte an Aontais maidir le Leanaí agus Coinbhleacht Armtha

**[agus nuashonrú san Iarscríbhinn]**

1. Agus Creat Straitéiseach 2012 an Aontais maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas, Plean Gníomhaíochta 2020 an Aontais maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas, straitéis 2021 an Aontais um chearta an linbh, Airteagal 3(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, á meabhrú aici, athdhearbhaíonn an Chomhairle gur príomhchuspóir de bheartais agus de ghníomhaíocht inmheánach agus sheachtrach an Aontais Eorpaigh é cearta an linbh a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh.

2. Bunaithe ar Threoirlínte 2008 an Aontais maidir le Leanaí agus Coinbhleacht Armtha agus ar na Conclúidí ón gComhairle i mí an Mheithimh 2022 i ndáil leis an straitéis maidir le cearta an linbh, tá an tAontas an-ghníomhach i dtaca le cearta leanaí a chosaint i gcásanna coinbhleachta nó géarchéime agus i dtaca le cosaint, cúnamh agus tacaíocht a chur ar fáil do leanaí.

3. Is cúis mhór imní don Chomhairle an méadú atá tagtha ar sháruithe ar chearta leanaí a bhaineann le coinbhleacht armtha, atá níos measa mar gheall ar leathadh na coinbhleachta, lena n-áirítear cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus díbirt agus aistriú neamhdhleathach leanaí ón Úcráin, an foréigean atá ag éirí níos measa sa tSúdáin, agus an choinbhleacht atá ag dul in olcas sa Mheánoirthear, go háirithe an staid dhaonnúil thubaisteach in Gaza agus an éifeacht dhíréireach atá aici ar shibhialtaigh, go háirithe leanaí. Is olc leis an gComhairle go bhfuil méadú suntasach tagtha le 10 mbliana anuas ar sháruithe tromchúiseacha ar leanaí[1] – iad a mharú agus a bhallbhascadh, a earcú agus a úsáid mar shaighdiúirí nó i róil neamhchomhraic eile, iad a fhuadach, a éigniú agus cineálacha eile foréigin ghnéasaigh agus inscnebhunaithe, ionsaithe a dhéanamh ar scoileanna agus ar ospidéil, agus rochtain dhaonnúil á diúltú.

[1] https://www.unicef.org/children-under-attack/six-grave-violations-against-children

4. I mbeagnach gach limistéar coinbhleachta ar domhan, idir an tSaiheil, an Afraic Láir agus Oirthear na hAfraice, agus an Meánoirthear agus an Áise, is leanaí iad suas le leath den phobail a ndéantar difear dóibh. Bíonn tionchar díréireach ag coinbhleachtaí armtha ar leanaí agus is iad is mó atá thíos leo. Is cúis mhór imní don Chomhairle go bhfuil méadú tagtha ar na rioscaí do shibhialtaigh, go háirithe do leanaí, mar gheall ar chineál athraitheach na gcoinbhleachtaí, na hoirbheartaíochta agus na n-armán a úsáidtear, tráth a bhfuil tionchar tromchúiseach, díobhálach agus fadtéarmach na sáruithe agus na mí-úsáidí ar íospartaigh níos soiléire ná riamh. Mar sin féin, aithníonn an Chomhairle freisin gur féidir le han-teacht aniar a bheith i leanaí agus, má fhaightear an tacaíocht cheart go tráthúil, gur féidir leo teacht chucu féin tar éis staideanna tromchúiseacha agus go n-éireoidh thar cionn leo. Tá cosaint, téarnamh agus athimeascadh leanaí bunriachtanach don tsíocháin agus don tslándáil fhadtéarmach agus don fhorbairt inbhuanaithe.

5. Glacann an Chomhairle Treoirlínte athbhreithnithe sin an Aontais maidir le Leanaí agus Coinbhleacht Armtha chun go gcuirfear lena rannchuidiú le cearta leanaí a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh. Leis an nuashonrú sin, cuirtear san áireamh forbairtí laistigh den Aontas agus cuirtear na Treoirlínte go hiomlán i gcomhréir leis an gcreat a bhunaigh Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe trí rúin chomhleanúnacha, go háirithe na sé shárú thromchúiseacha i gcoinne leanaí le linn coinbhleachtaí armtha a áirítear iontu. Leis seo, féachann an tAontas freisin ailíniú agus comhar a threisiú le sainordú Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe agus an Ionadaí Speisialta maidir le Leanaí agus Coinbhleacht Armtha, go háirithe an bhéim leathnaithe atá aige ar dhea-bhail leanaí ar fhág coinbhleachtaí armtha a lorg orthu, rochtain dhaonnúil agus cosc.

6. Cuirfidh an tAontas dlús breise leis na hiarrachtaí chun gach cineál foréigin in aghaidh leanaí a chomhrac, chun leanaí a chosaint, agus chun a gcearta a chur chun cinn, lena n-áirítear a sláinte fhisiciúil, meabhrach agus shíceasóisialta agus an rochtain atá acu ar sheirbhísí bunúsacha. Oibreoidh an tAontas le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus le tíortha comhpháirtíochta chun beartais agus gníomhaíochtaí cuimsitheacha a fhorbairt chun cearta gach linbh a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh gan aon idirdhealú, agus chun deiseanna a mhéadú do leanaí a bheith ina mbaill fhreagracha athléimneacha den tsochaí. I bhfianaise chineál athraitheach na coinbhleachta agus na ngéarchéimeanna daonnúla fadtréimhseacha, cuirfidh an tAontas tuilleadh feabhais ar an nasc idir an obair a dhéanann sé ar ghnéithe daonnúla, forbartha agus síochána na ngéarchéimeanna sin, agus cosc coinbhleachtaí, bainistiú géarchéime agus faoiseamh daonnúil á n-ailíniú ar bhealach níos dlúithe le cúnamh forbartha agus infheistíochtaí san oideachas i gcásanna éigeandála agus i gcosaint shóisialta ar fud an domhain. Ní mór cosaint leanaí a ndéanann coinbhleacht difear dóibh a bheith mar cholún lárnach i gcónaí sna cláir oibre maidir le cearta an duine, an tsíocháin agus an tslándáil, cothú na síochána, an fhorbairt agus an daonnúlacht.

7. Leanfaidh an tAontas d’áirithiú go ndéanfar na hoibleagáidí sa Choinbhinsiún um Chearta an Linbh agus sa Phrótacal Roghnach a ghabhann leis maidir le leanaí a rannpháirtiú i gcoinbhleachtaí armtha a chomhlíonadh go hiomlán, lena n-áirítear maidir leis an sainmhíniú ar an leanbh mar aon duine faoi bhun 18 mbliana d’aois, agus déanfaidh sé trasuí na n-oibleagáidí sin sa reachtaíocht náisiúnta a chur chun cinn. Ina theannta sin, aithníonn an tAontas luach na dtionscnamh domhanda, mar shampla Prionsabail agus Gealltanais Pháras, Prionsabail Vancouver, an Dearbhú maidir le Scoileanna Sábháilte agus an Dearbhú Polaitiúil maidir le Cosaint Sibhialtach ar na hIarmhairtí Daonnúla a eascraíonn as úsáid Arm Pléascach i Limistéir a bhfuil Daonra iontu a Neartú, agus leanfaidh sé de na stáit uile a spreagadh chun a ngealltanais a chur chun cinn trí fhéachaint ar na tionscnaimh sin a fhormhuiniú.

8. Agus béim á leagan aici ar a thábhachtaí atá sé saincheist na leanaí ar fhág coinbhleachtaí armtha a lorg orthu a phríomhshruthú a thuilleadh i mbeartais sheachtracha an Aontais, iarrann an Chomhairle ar na comhlachtaí cinnteoireachta uile dá cuid, ar sheirbhísí agus gníomhaireachtaí an Aontais, ar mhisin agus oibríochtaí sibhialtacha agus míleata, ar na hionadaithe agus na toscairí speisialta, agus ar chomhlachtaí eile dlús breise a chur lena n-iarrachtaí chun cur chun feidhme éifeachtach na dTreoirlínte sin a áirithiú. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé leanaí ar fhág coinbhleachtaí armtha a lorg orthu a phríomhshruthú go hiomlán i gComhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais, a bhfuil an Comhbheartas Slándála agus Cosanta mar chuid de, lena n-áirítear misin agus oibríochtaí bainistithe géarchéime an Aontais. Ar an gcaoi sin, is díol sásaimh don Chomhairle an seicliosta nuashonraithe maidir le cosaint leanaí ar fhág coinbhleachtaí armtha a lorg orthu a chomhtháthú isteach i misin agus in oibríochtaí Chomhbheartas Slándála agus Cosanta an Aontais (seicliosta CBSC). Cuireann an Chomhairle de chúram ar na Meithleacha ábhartha athbhreithniú agus tuairisciú rialta a dhéanamh ar chur chun feidhme na dtreoirlínte sin, d'fhonn na ceachtanna a foghlaimíodh a shainaithint agus dea-chleachtas a scaipeadh.

9. Bainfidh an tAontas agus na Ballstáit leas as raon iomlán a n-ionstraimí, i ngach réimse den ghníomhaíocht sheachtrach, chun díriú ar mhúscailt feasachta ar fud an domhain, gníomhaíochtaí agus clársceidealú éifeachtach, chomh maith le comhar sa réimse sin, agus chun an méid sin a neartú a thuilleadh. Iarrann an Chomhairle freisin ar chomhpháirtithe ar fud na réigiún uile, lena n-áirítear eagraíochtaí idirnáisiúnta agus réigiúnacha, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, agus gníomhaithe príobháideacha, teacht le chéile agus dlús a chur le réiteach coinbhleachta agus sáruithe tromchúiseacha i gcoinne leanaí a chosc agus freagairt orthu chomh maith lena gcearta agus an chosaint a thugtar dóibh faoin dlí daonnúil idirnáisiúnta agus faoin dlí idirnáisiúnta um chearta an duine a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh, agus práinn ag baint an athuair leis an méid sin a dhéanamh. Do gach leanbh, i ngach áit.

## IARSCRÍBHINN

## ARNA NUASHONRÚ IN 2024

## Treoirlínte an Aontais maidir Le Leanaí agus Coinbhleacht Armtha (leanaí ar fhág coinbhleachtaí armtha a lorg orthu)

### 1 - RÉAMHRÁ

Is tosaíocht ag an Aontas Eorpach é cás na leanaí, go háirithe iad siúd ar fhág coinbhleachtaí armtha a lorg orthu, le blianta fada anuas.. Bhí ról ríthábhachtach ag an Aontas agus a Bhallstáit sna Náisiúin Aontaithe, agus chuir siad go mór le forbairt chlár oibre na Náisiún Aontaithe maidir le leanaí ar fhág coinbhleachtaí armtha a lorg orthu agus le sainordú domhanda na Náisiún Aontaithe a fhorbairt. In 2003, ghlac an tAontas Treoirlínte maidir le Leanaí agus Coinbhleacht Armtha den chéad uair, a nuashonraíodh ina dhiaidh sin in 2008 chun a bheartas a thabhairt le chéile in uirlis phraiticiúil chun gníomhaíocht a threorú. I bhfianaise na forbartha suntasaí ar an mbeartas domhanda agus ar fhorbairtí domhanda laistigh den Aontas ó shin i leith, tá gá le nuashonrú breise ar Threoirlínte an Aontais chun tacú le gníomhaíocht éifeachtach leanúnach an Aontais i gcomhréir le cur chuige níos cuimsithí agus níos iomlánaíche.

Tá leanaí, agus cailíní go háirithe, an-leochaileach i staideanna coinbhleachta armtha. Cuireann coinbhleacht armtha agus cásanna foréigin fulaingt uafásach ar leanaí, ar leanaí iad atá, mar gheall ar a n-aois, a n-aibíocht fhisiciúil agus shíceolaíoch, a spleáchas agus a stádas dlíthiúil, níos leochailí ó thaobh na rioscaí, na bochtaineachta, an fhoréigin agus na faillí a chuireann dinimic na coinbhleachta ar dhaoine. Is leanbh é aon duine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois, mar a leagtar síos i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh.

Is leanaí iad suas le leath den phobal i bhformhór na dtíortha ar fhág coinbhleachtaí armtha a lorg orthu. Ar fud an domhain, tá na milliúin ina gcónaí i limistéir ina bhfuil coinbhleacht nó ag teitheadh uathu. Dá bhrí sin, déantar difear díréireach dóibh.

Tá gníomhaithe stáit agus neamhstáit ag díriú ar leanaí i gcoinbhleacht armtha agus i gcásanna eile foréigin armtha, lena n-áirítear eagraíochtaí sceimhlitheoireachta agus grúpaí coireachta eagraithe, agus is minic a chuirtear a sábháilteacht agus a slándáil i mbaol chun freastal ar chuspóirí míleata, chun gníomhaíochtaí coiriúla a chur chun cinn, nó ar mhaithe le gnóthachan aindleathach eile. Déantar sáruithe tromchúiseacha ar leanaí mar aon le mí-úsáidí tromchúiseacha eile - maraítear agus ballbhasctar iad, earcaíonn grúpaí armtha agus fórsaí armtha iad agus úsáideann siad iad i gcáileanna éagsúla, fuadaítear iad, éignítear iad agus déantar cineálacha eile foréigin ghnéasaigh agus dúshaothraithe ghnéasaigh orthu, agus déantar ionsaithe ar scoileanna agus ar ospidéil. Bíonn tionchar ag míchumais atá mar thoradh ar chogadh, ar míchumais fhisiciúla nó meabhrach iad, ar na milliúin. Fiú i gcás na ndaoine sin nach bhfuil baint dhíreach acu le coinbhleachtaí armtha, bíonn orthu cur suas le cineálacha eile iarmhairtí a bhaineann le coinbhleacht, mar shampla míchothú, easpa dídine agus easpa rochtana ar oideachas agus ar chúram sláinte, idirdhealú, chomh maith le foréigean agus ciapadh síceolaíoch leanúnach. Go minic anois, bíonn níos mó básanna de bharr ocrais agus galair mar thoradh ar dhiúltú cabhrach daonnúla ná mar a bhíonn mar gheall ar thionchar díreach an fhoréigin féin. Go leor den dochar a eascraíonn as coinbhleacht armtha do leanaí, ní eascraíonn siad go díreach as an gcogaíocht, agus ní thagann deireadh leo nuair a stopann an chogaíocht ach oiread. Is trom agus is fadtéarmach an tionchar a bhíonn aige sin ar an tsíocháin agus ar an tslándáil dhomhanda agus ar an bhforbairt inbhuanaithe. Buanaítear timthriallta foréigin agus bochtaineachta leis an díobháil mharthanach a dhéantar do leanaí agus dá dteaghlaigh i gcoinbhleacht armtha, rud a bhaineann an bonn d’athléimneacht an duine aonair agus na sochaí, agus a chuireann bac ar fhorbairt sochaithe síochánta.

I measc na n-ábhar imní eile atá ag dul i méid maidir le leanaí i gcásanna coinbhleachta agus iarchoinbhleachta tá an méid seo a leanas: ról géaraitheach an athraithe aeráide maidir leis na rioscaí agus na leochaileachtaí a bhaineann le leanaí; an úsáid neamh-idirdhealaitheach a bhaintear as arm pléascach i limistéir a bhfuil daoine ina gcónaí iontu; an díriú níos mó ar scoileanna agus iad a úsáid chun críoch míleata, de shárú ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta; an tionchar sonrach atá ag coinbhleachtaí armtha ar leanaí faoi mhíchumas; an ghné inscne a bhaineann le sáruithe tromchúiseacha ar leanaí; éifeachtaí na bochtaineachta agus an neamhionannais atá ag dul in olcas; leanaí atá ag bogadh agus leanaí a easáitíodh go héigeantach ina dtír féin agus atá i suíomhanna dídeanaithe; leanaí atá in institiúidí nó nach bhfuil teaghlach ag tabhairt aire dóibh; saothar leanaí, an gháinneáil ar dhaoine agus sclábhaíocht ghnéasach; na dúshláin a bhaineann le teacht chun cinn na dteicneolaíochtaí nua, cuir i gcás earcú leanaí ar líne agus an leathadh ar an ngáinneáil aindleathach ar airm chomh maith le tionchar na mianach talún, na bhfuílleach phléascacha cogaidh agus gaireas pléascacha seiftithe.

Caithfear níos mó béime a chur ar an gceartas coiriúil náisiúnta agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear rochtain ar an gceartas do leanaí. Tá sé ríthábhachtach déantóirí coire a thabhairt chun cuntais as sáruithe tromchúiseacha ar leanaí i gcoinbhleacht armtha, mar a shainordaítear leis an dlí idirnáisiúnta agus leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta, le Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta, agus le Coinbhinsiúin na Ginéive, chun an tsaoirse ó phionós a chomhrac maidir leo siúd a dhéanann coireanna in aghaidh leanaí, chun mí-úsáidí a dhíspreagadh amach anseo agus an chuntasacht a chothú, agus chun cultúr a chur chun cinn ina dtabharfar meas ar chearta an linbh.

Tá an tAontas Eorpach, sa ról atá aige i dtaca le cúrsaí daonnúla, forbartha, síochána, slándála agus taidhleoireachta, agus i dteannta a Bhallstát, meáite ar thosaíocht a thabhairt do chosaint, do dhea-bhail agus do chumhachtú leanaí, agus aghaidh á tabhairt ar riachtanais shonracha agus ar leochaileachtaí sonracha leanaí gan idirdhealú a dhéanamh ar aon fhoras,

## 2 - CUSPÓIR

Tugann an tAontas Eorpach tús áite do chearta an linbh a chur chun cinn agus a chosaint laistigh dá chreat beartais um chearta an duine. Déantar seo ní hamháin ós rud é gur íospartaigh leochaileacha iad leanaí ach ó tharla gurb iadsan a mhúnlaíonn an todhchaí. Aithníonn an tAontas cearta bunúsacha an linbh, atá cumhdaithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, sa Choinbhinsiún um Chearta an Linbh agus sna Prótacail Roghnacha a ghabhann leis, chomh maith le hionstraimí idirnáisiúnta eile maidir le cearta an duine, chomh maith leis an gcosaint speisialta a thugtar do leanaí faoin dlí idirnáisiúnta.

Shainaithin Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe sé shárú thromchúiseacha[2] a bunaíodh ar a thromchúisí atá siad agus ar an tionchar tromchúiseach a imríonn siad ar dhea-bhail an linbh:

- marú agus ballbhascadh leanaí,
- leanaí a earcú nó a úsáid i bhfórsaí armtha agus i ngrúpaí armtha,
- éigniú agus cineálacha eile foréigin ghnéasaigh in aghaidh leanaí,
- fuadach leanaí,
- ionsaithe ar scoileanna agus ar ospidéil,
- rochtain dhaonnúil a dhiúltú do leanaí.

---

2 Sonraítear na sainmhínithe sa Lámhleabhar a ghabhann leis na Treoirlínte dar teideal *Monitoring and Reporting Mechanism on Grave Violations against Children in Situations of Armed Conflict* [Sásra faireacháin agus tuairiscithe maidir le sáruithe tromchúiseacha i gcoinne leanaí i gcásanna coinbhleachta armtha] (DPKO, OSRSG Leanaí agus Coinbhleacht Armtha, UNICEF, 2014)

Déanann an tAontas a dhícheall feasacht maidir leis an tsaincheist ríthábhachtach sin a mhúscailt go hinmheánach agus go hidirnáisiúnta. Táimid meáite ar aghaidh a thabhairt ar na tionchair ghearrthéarmacha, mheántéarmacha agus fhadtéarmacha a imríonn an choinbhleacht armtha agus cásanna eile fhoréigin armtha ar leanaí ar bhealach éifeachtach agus cuimsitheach, trí ghníomhaíochtaí chun sáruithe éagsúla ar chearta an linbh a chosc agus chun freagairt dóibh. Trí leas a bhaint as uirlisí éagsúla atá ar fáil dó agus trí chur leis na tionscnaimh atá ann cheana, tá sé mar aidhm ag an Aontas dul i dteagmháil le tríú tíortha agus le gníomhaithe neamhstáit. Áirítear leis sin iad a spreagadh chun an dlí idirnáisiúnta a chur chun feidhme, a urramú agus a chur chun cinn, lena n-áirítear na noirm, na caighdeáin agus na hionstraimí maidir le cearta an duine agus an dlí idirnáisiúnta, an dlí um dhídeanaithe agus an dlí daonnúil, agus bearta éifeachtacha a dhéanamh chun leanaí a chosaint ar éifeachtaí na coinbhleachta armtha agus cuntasacht a áirithiú maidir leis na coireanna a dhéantar ina n-aghaidh.

Tá sé beartaithe go bhfeidhmeoidh na Treoirlínte sin mar uirlis phraiticiúil chun gníomhaithe an Aontais ar fud an domhain a threorú agus chun cúnamh a thabhairt dóibh ina gcuid oibre maidir le leanaí agus coinbhleacht armtha, lena n-áirítear cásanna eile foréigin armtha a dhéanann gníomhaithe stáit agus neamhstáit, cuir i gcás eagraíochtaí sceimhlitheoireachta agus grúpaí coiriúla eagraithe. Ag aithint dó idirnascacht roinnt beartas, leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá iarrachtaí leanúnacha, comhordaithe ar fud réimsí éagsúla, lena n-áirítear beartas eachtrach agus slándála, cúnamh forbartha, cothú na síochána agus an cúnamh daonnúil. Leis an gcur chuige cuimsitheach sin, neartaítear an fhreagairt chomhchoiteann a thugaimid ar chruachás na leanaí sa choinbhleacht armtha agus, ar an gcaoi sin, cuirtear leis an tsíocháin agus leis an tslándáil fhadtéarmach agus leis an bhforbairt inbhuanaithe.

## 3 - PRIONSABAIL

Tá an tAontas fothaithe ar luachanna na saoirse, an daonlathais, an mheasa ar dhínit an duine agus na saoirsí bunúsacha, na cothromaíochta, an smachta reachta agus an mheasa ar chearta an duine. Tá cosaint agus cur chun cinn chearta an linbh ar cheann de phríomhchuspóirí obair an Aontais Eorpaigh a dhéantar sa bhaile agus thar lear. Tá sé cumhdaithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, lena ráthaítear go ndéanfaidh gach institiúid agus comhlacht Eorpach cearta an linbh a chosaint agus dlí an Aontais á chur chun feidhme acu. Sa Chreat Straitéiseach maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas a glacadh in 2012, leagtar amach na prionsabail, na cuspóirí agus na tosaíochtaí a ceapadh le feabhas a chur ar éifeachtacht agus ar chomhsheasmhacht bheartas an Aontais, agus tugtar faoi deara ann go bhfuil an urraim do chearta an duine, don daonlathas agus don smacht reachta mar bhonn agus mar thaca ag gach gné de bheartais inmheánacha agus sheachtracha an Aontais. I bplean gníomhaíochta an Aontais maidir le cearta an duine agus an daonlathas, leagtar síos an leibhéal uaillmhéine agus sainítear tosaíochtaí an Aontais agus a Bhallstát sa réimse sin sa chaidreamh le tríú tíortha, agus leagtar amach cúraimí sonracha nach mór don Aontas tabhairt fúthu. Ina theannta sin, le Treoirlínte an Aontais maidir le Cearta an Duine, lena n-áirítear go háirithe Treoirlínte an Aontais maidir le Cearta an Linbh a Chur chun Cinn agus a Chosaint, cuirtear uirlisí praiticiúla agus treoir phraiticiúil ar fáil chun na gealltanais sin maidir le cearta an duine a chur chun feidhme. In éineacht le Straitéis an Aontais maidir le Cearta an Linbh (2021), cuirtear cearta an linbh chun cinn leis na beartais sin agus déantar iad a chosaint agus a phríomhshruthú i mbeartais inmheánacha agus sheachtracha an Aontais Eorpaigh.

**Cearta an linbh a chur chun cinn agus a chosaint**

Agus na croíphrionsabail seo a leanas mar threoir aige, ba cheart don Aontas cur leis an obair atá ar bun aige chun cosaint na leanaí a ndéanann an choinbhleacht armtha difear dóibh a áirithiú:

- **Cur chuige bunaithe ar chearta an duine:** I gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (UNCRC), is ionann leanbh agus aon duine faoi bhun 18 mbliana d'aois. Aithnítear gur shealbhóir neamhspleách ceart faoin dlí idirnáisiúnta um chearta an duine é gach uile leanbh agus go dtugtar cosaint speisialta dó faoin dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an dlí daonnúil idirnáisiúnta. Cé go bhféadfadh leanaí a bheith ina n-íospartaigh, is marthanóirí agus gníomhaithe iontu féin iad freisin. Níor cheart caitheamh leo ná féachaint orthu mar ghníomhaithe éighníomhacha amháin. Ba cheart leanaí a chur ar an eolas faoi na cearta atá acu. Ní mór éisteacht lena nguthanna, i gcomhréir lena n-aois agus lena n-aibíocht, agus aghaidh a thabhairt ar na riachtanais atá acu.

- **An ceart chun beatha, marthanais agus forbartha:** I gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, tabharfaidh an tAontas tús áite do dhea-bhail, do chosaint agus d'athimeascadh iomlánaíoch na leanaí uile ar fhág coinbhleachtaí armtha a lorg orthu, lena n-áiritheofar go mbeidh siad slán, go mbeidh siad in ann forbairt a dhéanamh agus go bhfíorófar a gcearta ina n-iomláine.

- **Neamh-idirdhealú agus an cuimsiú:** Cuirtear cosaint agus cúnamh ar fáil, gan idirdhealú de chineál ar bith a dhéanamh, lena n-áirítear cineálacha iomadúla trasnacha idirdhealaithe. Gan aon leanbh a fhágáil ar lár agus rochtain chothrom ar chosaint a áirithiú, ba cheart aird ar leith a dhíriú ar riachtanais shonracha chúraim agus chosanta na leanaí uile atá i staideanna leochaileacha, lena n-áirítear cailíní, leanaí faoi mhíchumas, leanaí dúchasacha agus leanaí ar de mhionlaigh náisiúnta iad, leanaí neamhthionlactha, imircigh, dídeanaithe, iarrthóirí tearmainn, leanaí atá easáitithe go héigeantach ina dtír féin agus leanaí gan stát, leanaí nach bhfuil teaghlach ag tabhairt aire dóibh, cuir i gcás leanaí atá ar na sráideanna nó leanaí in institiúidí, i gcomhréir leis na hoibleagáidí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine faoin dlí idirnáisiúnta agus faoi na caighdeáin idirnáisiúnta, agus trí na creataí beartais agus reachtacha atá ann cheana.

- **Leas an linbh:** is é leas an linbh an cloch is mó ar an bpaidrín agus gníomhaíocht an Aontais á cur chun feidhme, i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh. Ní mór tús áite a thabhairt do dhea-bhail, do chosaint agus do shábháilteacht leanaí sna cinntí agus sna gníomhaíochtaí uile.

- **Cur chuige difreáilte**: Aithníonn an tAontas na riachtanais agus leochaileachtaí éagsúla agus tá sé d'aidhm aige na idirghabhálacha a dhéanann sé a chur in oiriúint chun aghaidh a thabhairt ar chás uathúil gach linbh, agus réitigh iomlánaíocha agus inbhuanaithe á gcur ar fáil aige; mar a leagtar amach sa staidéar ó Oifig Ionadaí Speisialta an Ard-Rúnaí maidir le leanaí ar fhág coinbhleachtaí armtha a lorg orthu dar teideal '*Gender Dimensions of Grave Violations against Children in Armed Conflict*' [An ghné inscne a bhaineann le sáruithe tromchúiseacha i gcoinne leanaí i gcoinbhleacht armtha], tá cosaint de dhíth ar gach leanbh; is minic, áfach, agus i gcomhthéacs coinbhleachta armtha, gurb éagsúil iad riachtanais agus leochaileachtaí an linbh ag brath ar aois, aibíocht, gnéas, gnéaschlaonadh agus féiniúlacht inscne an linbh, ar mhíchumais, más de ghrúpaí mionlaigh iad, ar imthosca sonracha, agus ar chineál na coinbhleachta chomh maith leis an mbaint a mheastar atá acu, nó atá acu le fírinne, le páirtithe i gcoinbhleacht.

- **Na leanaí a bhfuil baint acu le fórsaí armtha nó le grúpaí armtha a chosaint:** Ní mór a mheas gur íospartaigh na sé shárú thromchúiseacha faoin dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus faoin dlí daonnúil idirnáisiúnta iad na leanaí a bhfuil baint acu le fórsaí armtha nó le grúpaí armtha. Is bunchloch de na próisis maidir le dí-armáil, díshlógadh agus athimeascadh agus de na próisis ghaolmhara é dearcadh atá dírithe ar an leanbh, atá bunaithe ar leas an linbh, agus dírithe ar bhuachaillí agus ar chailíní a chosaint ar na sé shárú thromchúiseacha le linn na coinbhleachta,. Dá bhrí sin, ba cheart pleananna a bheith beartaithe i gcónaí, agus tús áite tugtha dóibh, maidir le leanaí a bhfuil baint acu le fórsaí armtha nó le grúpaí armtha a chosaint, a scaoileadh saor agus a (ath)imeascadh lena dteaghlach agus lena bpobal, agus é sin déanta láithreach, gan choinníoll, gan beann ar ainmniú an ghrúpa armtha, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta. Ba cheart díriú go sonrach ar na dúshláin atá roimh leanaí a rugadh laistigh de ghrúpaí armtha agus ar dhaoine a earcaíodh agus iad ina leanaí agus a díshlógadh agus iad ina n-aosaigh. Leanaí atá in aois na freagrachta coiriúla agus a bhfuil amhras ann go ndearna siad coir thromchúiseach, tabharfar ar láimh iad do ghníomhaithe sibhialtacha, agus ba cheart ceartas a sholáthar laistigh de na creata um cheartas d'ógánaigh. Níor cheart leanbh a choinneáil go díreach siocair baint a bheith aige le grúpaí armtha.

- **Dírithe ar an leanbh agus ar an íospartach**: Is ar dhea-bhail agus ar riachtanais an linbh a leagtar an bhéim. Ciallaíonn sé sin go mbeidh ról gníomhach ag na leanaí i dtaca lena riachtanais agus a dtosaíochtaí a shainaithint nuair is féidir, agus a áirithiú go dtabharfar éisteacht dóibh, nach gcuirfear tráma orthu an athuair, agus go dtabharfar tús áite dá ndea-bhail agus dá sábháilteacht. Tugann an tAontas tús áite d'aghaidh a thabhairt ar na díobhálacha sonracha a dhéantar do leanaí i suíomhanna coinbhleachta armtha.
- **Aois agus inscne-fhreagrúil**: Athraíonn riachtanais agus leochaileachtaí an linbh de réir mar a théann sé in aois. Tuigeann an tAontas é sin agus múnlaíonn sé a chuid idirghabhálacha dá réir sin. Ina theannta sin, is minic nach mbíonn an taithí chéanna ó thaobh coinbhleachta de ag cailíní agus buachaillí agus go mbíonn leochaileachtaí sonracha acu. Tugann an tAontas suntas do na riachtanais aoise agus inscne-shonracha sin chun a áirithiú go bhfaighidh gach leanbh an chosaint agus an tacaíocht iomchuí.

- **Trámathreoraithe:** Is minic a imríonn an choinbhleacht armtha tionchar mór síceolaíoch ar leanaí. Aithnítear an méid sin i gcur chuige an Aontais agus is é is aidhm dó tacaíocht a chur ar fáil a chuireann san áireamh an tráma a d'fhéadfadh baint de leanaí, lena n-áirítear tráma foréigin ghnéasaigh agus inscnebhunaithe, chomh maith lena riachtanais maidir le rochtain ar sheirbhísí tacaíochta meabhairshláinte agus síceasóisialta lena gcuirtear leigheas agus téarnamh chun cinn

- **Cuntasacht, rochtain ar cheartas agus ceartas d'ógánaigh:** Tacaíonn an tAontas le faireachán, imscrúdú agus ionchúiseamh leanbhdhírithe a dhéanamh ar choireanna agus ar sháruithe i gcoinne leanaí. Ní mór déantóirí an fhoréigin sin a thabhairt chun cuntais. Is den ríthábhacht é go mbunófaí córais cheartais lena dtacófar le leanaí do gach leanbh a bhíonn i dteagmháil leis an dlí agus ar baineadh an tsaoirse de, agus nach rochtain aige ar chúnamh dlíthiúil agus nach bhfuil rannpháirteach i dtionscnaimh ceartais idirthréimhsigh.

- **Rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga agus iad a chumhachtú:** Déanann an tAontas cuimsiú fóinteach agus rannpháirtíocht ghníomhach leanaí agus daoine óga i gcinntí a bhfuil éifeacht acu orthu ar gach leibhéal a chur chun cinn, tacaíonn sé leo agus áirithíonn sé go ndéantar amhlaidh, lena n-áirítear i gcásanna coinbhleachta, go háirithe tríd an bPlean Gníomhaíochta don Óige i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais.
- **Cuir chuige atá íogair ó thaobh coinbhleachta de bunaithe ar phrionsabal na neamhdhíobhála lena ndéantar leanaí a chosaint:** Cuireann an tAontas i dtreis go gcuireann gach beartas agus gníomhaíocht cosc go córasach ar iarmhairtí díobhálacha féideartha ar leanaí agus dá gcearta de bharr gníomhaíochtaí nó pearsanra lena mbaineann, agus nach ndéanann siad dinimic na coinbhleachta níos measa.

**Comhar Idirnáisiúnta**

Tá tionchar nach beag ag noirm agus caighdeáin ábhartha idirnáisiúnta agus réigiúnacha maidir le cearta an duine agus maidir leis an dlí daonnúil ar obair an Aontais, lena n-áirítear iad siúd atá in Iarscríbhinn I. Comhoibríonn an tAontas go gníomhach leis na gníomhaithe ábhartha agus tacaíonn sé leo, go háirithe:

- Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe
- Ionadaí Speisialta an Ard-Rúnaí maidir le Leanaí agus Coinbhleacht Armtha agus a n-oifig

- Ionadaí Speisialta an Ard-Rúnaí maidir le Foréigean in aghaidh Leanaí agus a n-oifig
- Tascfhórsa Tíre na Náisiún Aontaithe maidir le Faireachán agus Tuairisciú nó a choibhéis i gcásanna tíortha ar cúis imní iad
- Oifigí, Ranna agus Gníomhaireachtaí na Náisiúin Aontaithe seo a leanas: UNICEF, an Roinn Oibríochtaí Síochána, an Ghníomhaireacht um Chosc agus Ullmhacht maidir le Tubaistí, Oifig um Chomhordú Forbartha, Eintiteas na Náisiún Aontaithe um Chomhionannas Inscne agus um Chumhachtú na mBan, UNODC, UNFPA, OHCHR, UNHCR, UNDP, EIS, an Oifig um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla, UNESCO agus EDS (ag an gceanncheathrú agus ar an leibhéal réigiúnach/áitiúil)
- An Mheitheal um Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le Leanaí agus Coinbhleacht Armtha
- Grúpa Cairde réigiúnach/áitiúil leanaí ar fhág coinbhleachtaí armtha a lorg orthu nó grúpálacha *ad hoc* coibhéiseacha de chomhpháirtithe atá ar aon intinn
- An Coiste um Chearta an Linbh
- Comhairle um Chearta an Duine
- Saincheisteanna Sóisialta, Daonnúla & Cultúrtha (Tríú Coiste) Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe
- An Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta agus, de réir mar is cuí, binsí speisialta idirnáisiúnta
- Nósanna Imeachta Speisialta na Náisiún Aontaithe agus comhlachtaí imscrúdaithe arna sainordú ag na Náisiúin Aontaithe
- Meitheal Idirghníomhaireachta na Náisiún Aontaithe maidir le dí-armáil, díshlógadh agus athimeascadh agus fóraim chomhchosúla eile
- Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge (CICD)
- Comhairle na hEorpa
- An tAontas Afracach agus eagraíochtaí réigiúnacha eile
- ESCE/an Oifig um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine

- Eagraíochtaí neamhrialtasach áitiúla agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear eagraíochtaí faoi stiúir leanaí, cosantóirí chearta an duine agus cosantóirí chearta an linbh agus eagraíochtaí agus líonraí pobalbhunaithe
- gníomhaithe ábhartha eile

Cuireann an tAontas leis na gníomhaithe sin agus oibríonn sé leo go réamhghníomhach lena áirithiú go neartófar na cosaintí idirnáisiúnta atá ann faoi láthair maidir le cearta an duine agus go gcuirfear chun feidhme iad ar bhealach éifeachtach.

## 4 - AGHAIDH A THABHAIRT AR DHÚSHLÁIN A BHAINEANN LE LEANAÍ ATÁ I gCOINBHLEACHT ARMTHA

Tá athrú suntasach tagtha ar an gcogaíocht le 20 bliain anuas; cuireann oirbheartaíochtaí mar shampla aerthuairgneáil neamh-idirdhealaitheach agus dhíréireach, tuairgneáil agus ionsaithe ladrainn, léigear agus imshuí chun seachadadh soláthairtí fóirithinte do shibhialtaigh a dhiúltú, marthanacht ordanáis neamhphléasctha agus mianadóireacht ar limistéar sibhialtach, leanaí i mbaol mór bás nó i mbaol basctha.

Is mó an baol a bheidh ann do shaol agus forbairt leanaí má dhírítear ar scoileanna, ar ospidéil agus ar bhonneagar sibhialta criticiúil eile, cuir i gcás córais uisce agus fuinnimh. I gcásanna áirithe, cuireann grúpaí nó fórsaí armtha go gníomhach i gcoinne rochtain atá ag cailíní ar oideachas agus ar chúram sláinte, a chuireann bac ar rochtain ar na seirbhísí ríthábhachtacha sin. Fiú in éagmais spriocdhíriú díreach, cuireann neamhshláine ghinearálta na limistéar coinbhleachta bac ar leanaí, ar mhúinteoirí agus ar phearsanra leighis freastal ar scoil ná cúnamh leighis a sholáthar.

Tá ardú géar tagtha ar líon na bhfuadach leanaí i gcásanna ar chlár oibre na leanaí agus na coinbhleachta armtha, cibé acu chun sceimhle a chur ar phobail, chun díriú ar ghrúpaí sonracha, go háirithe ar chailíní agus ar an rochtain atá acu ar oideachas, ar mhaithe le hiallach a chur ar leanaí a bheith rannpháirteach i gcogaíocht nó i ngáinneáil ar dhaoine agus i sclábhaíocht ghnéasach nó chun críocha eile dúshaothraithe. Fiú má scaoiltear saor iad nó má éiríonn leo éalú óna ngabhdóirí, bíonn dúshláin mhóra agus stiogma fós roimh leanaí a fuadaíodh a mbíonn tionchar acu ar a n-athimeascadh agus ar a n-athshlánú ina bpobail féin.

Is saintréith den choinbhleacht é an foréigean gnéasach atá ag dul i méid agus is minic a dhéantar é ar chailíní agus ar bhuachaillí i bhfolús an smachta reachta. Bíonn tráma síceolaíoch fadtéarmach, iarmhairtí sláinte lena n-áirítear ionfhabhtuithe tarchurtha mar shampla VEID/SEIF agus toircheas luath ag leanaí a fhulaingíonn foréigean gnéasach agus teacht i dtír gnéasach. Cuireann noirm agus cleachtais dhíobhálacha inscne, mar shampla ciorrú ball giniúna ban, naímharuithe baineanna, pósadh leanaí, luathphósadh agus pósadh éigeantais, stiogmatú toisc nach gcloíonn siad le steiréitíopaí inscne agus noirm shóisialta idirdhealaitheacha agus idirdhealú, cailíní i mbaol ar leith.

Tá diúltú ar rochtain dhaonnúil, lena n-áirítear ionsuithe d’aon ghnó ar oibrithe daonnúla, fós ina bhacainn mhór ar leanaí a chosaint. D’fhéadfadh míchothú tromchúiseach, crandú, easpa rochtana ar oideachas agus ar chúram leighis riachtanach a mbíonn iarmhairtí fadtéarmacha forbartha acu ar leanaí a bheith mar thoradh ar easpa cabhrach daonnúla riachtanaí. Tá sé ríthábhachtach dul i dteagmháil le páirtithe i gcoinbhleacht chun rochtain a chumasú agus cuntasacht as sáruithe a áirithiú. Is cúis imní leanúnach í leanaí a bheith á n-úsáid ag grúpaí armtha i róil chomhraic nó tacaíochta.

Tá earcú éigeantach leanaí faoi bhun 18 mbliana d'aois agus a n-úsáid i gcogaíocht ag fórsaí armtha agus grúpaí armtha araon neamhdhleathach, agus is é sin ceann de na cineálacha is measa saothair leanaí dá bhfuil ann. Thairis sin, is coir chogaidh é leanaí faoi bhun 15 bliana d'aois a earcú. Cuireann sé ualach mídhaonna agus iarmhairtí díobhálacha fadtéarmacha ar na leanaí sin, ar íospartaigh iad go príomha agus a mbíonn orthu aghaidh a thabhairt ar stiogma agus diúltú go minic. Déanann gabháil agus coinneáil leanaí a bhfuil baint acu le grúpaí armtha iad a íospartú níos mó, bíodh sin toisc go meastar gur bagairt don tslándáil náisiúnta iad nó toisc go líomhnaítear gur ghlac siad páirt i gcogaíocht.

Ba cheart tosaíocht a thabhairt dá gcosaint, dá scaoileadh saor, dá lánpháirtiú agus dá n-athlánpháirtiú gan choinníoll agus láithreach lena dteaghlach agus lena bpobal, gan beann ar ainmniú féideartha an ghrúpa armtha, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta. I gcás go mbeadh leanaí atá in aois na freagrachta coiriúla agus a bhfuil amhras ann go ndearna siad coir thromchúiseach, ba cheart iad a thabhairt ar láimh do ghníomhaithe sibhialtacha, agus ba cheart ceartas a sholáthar laistigh de chórais cheartais leanaí, i gcás inarb ann dóibh.

Tacóidh an tAontas le pleananna gníomhaíochta a chaibidil, a ghlacadh agus a chur chun feidhme idir na Náisiúin Aontaithe agus páirtithe i gcoinbhleacht chun deireadh a chur leis na sé shárú thromchúiseacha in aghaidh leanaí agus chun iad a chosc chomh maith le prótacail aistrithe ó pháirtithe i gcoinbhleacht, chun leanaí a líomhnaítear go bhfuil baint acu le grúpaí armtha a aistriú go tapa chuig gníomhaithe sibhialtacha cosanta leanaí lena n-athimeascadh.

**Dúshláin a mbíonn tionchar acu ar ghníomhaíocht éifeachtach**

Cuireann bacainní suntasacha bac ar thacaíocht éifeachtach dhaonnúil, forbartha agus cosanta do leanaí ón Aontas agus ó ghníomhaithe eile atá ag obair i limistéir choinbhleachta. Áirítear ar na dúshláin sin cineál casta na gcoinbhleachtaí atá ag athrú de shíor atá ag titim amach faoi láthair, teorainneacha ar rochtain ar chríoch agus ar dhaonraí atá buailte de dheasca foréigean leanúnach nó baic shriantacha riaracháin, agus easpa acmhainneachta i measc gníomhaithe áitiúla chun aghaidh a thabhairt go leordhóthanach ar riachtanais leanaí.

Tá gníomhaíocht éifeachtach chun dul i ngleic le sáruithe in aghaidh leanaí ar fhág coinbhleachtaí armtha a lorg orthu casta mar gheall ar bhearnaí sonraí agus gan dóthain táscairí luathrabhaidh a bheith ann, rud a chuireann bac ar iarrachtaí chun sáruithe tromchúiseacha a chosc ar an gcéad dul síos. Dé dheasca acmhainní teoranta agus an deacracht a bhaineann le cistiú ó fhoinsí éagsúla a chomhordú, bíonn sé níos deacra gníomhaíocht éifeachtach a dhéanamh freisin.

Ina theannta sin, cruthaíonn creataí dlíthiúla laga agus easpa cuntasachta as coireanna in aghaidh leanaí dálaí saoirse ó phionós nuair nach ngearrtar pionós ar sháruithe. Is trí aghaidh a thabhairt ar thionchair fhadtéarmacha shocheacnamaíocha na coinbhleachta, na bochtaineachta, an easpa deiseanna oideachais do leanaí, go háirithe cailíní, acmhainní teoranta le haghaidh seirbhísí sláinte (lena n-áirítear tacaíocht mheabhairshláinte agus shíceasóisialta), agus na noirm agus na cleachtais chultúrtha dhíobhálacha atá fós ann, a chuirtear bacainní suntasacha chun nach dtarlóidh sé arís agus síocháin mharthanach a bhaint amach agus leanaí a chosaint.

**Deiseanna le haghaidh gníomhaíocht éifeachtach ón Aontas**

Chun a iarrachtaí a neartú chun leanaí atá sáinnithe i gcoinbhleacht armtha a chosaint, déanfaidh an tAontas **comhpháirtíochtaí níos láidre a fhorbairt** agus cothóidh sé an méid seo a leanas:

- **Tacaíocht maidir le cosc:** Tá gá le hinfheistíocht níos mó chun coinbhleachtaí armtha agus sáruithe ar chearta an linbh a chosc, go háirithe na sé shárú thromchúiseacha in aghaidh leanaí. Trí chórais luathrabhaidh a chur chun feidhme, lena dtugtar aghaidh ar tháscairí riosca agus ar bhearnaí sonraí, d’fhéadfaí cabhrú le bagairtí a d’fhéadfadh a bheith ann do leanaí a shainaithint sula dtarlaíonn sáruithe, a d’fhágfadh go bhféadfaí gníomhaíocht choisctheach a dhéanamh ina leith. Tá sé ríthábhachtach anailís rialta a dhéanamh ar choinbhleachtaí agus measúnuithe rialta a dhéanamh ar chearta agus riachtanais leanaí chun gníomhaíochtaí coisctheacha éifeachtacha tráthúla a dhéanamh. Trí infheistíocht a dhéanamh in oideachas cuimsitheach atá ar ardchaighdeán, íogair ó thaobh coinbhleachta de, feasach ar rioscaí, íogair ó thaobh aoise agus inscne de, is féidir atarlú coinbhleachta a mhaolú agus an baol go mbainfí mí-úsáid agus dúshaothrú as leanaí a laghdú.

- **An cur chuige maidir leis an nasc idir an daonnúlacht, an fhorbairt agus an tsíocháin a neartú:** Tá rún daingean ag an Aontas a áirithiú go dtabharfar aghaidh ar riachtanais dhaonnúla, forbartha agus chomhdhlúthú na síochána ar bhealach comhordaithe chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna fadtréimhseacha agus intuartha, lena n-áirítear riachtanais láithreacha agus réitigh fhadtéarmacha araon. Chun tacú le timpeallacht chosanta agus tacúil ar bhealach inbhuanaithe a chruthú do leanaí roimh choinbhleacht, lena linn agus ina diaidh, tá gá le cistiú marthanach agus leordhóthanach chun idirghabhálacha a mhéadú agus chun cláir fhadtéarmacha maidir le cosaint leanaí a chothú, lena n-áirítear acmhainní a leithdháileadh le haghaidh cosaint shóisialta, oideachas, tithíocht, tacaíocht shíceasóisialta, cúram sláinte agus seirbhísí cosanta atá saincheaptha do riachtanais éagsúla leanaí. Tá sé ríthábhachtach go dtabharfar tacaíocht, lena n-áirítear acmhainní leordhóthanacha airgeadais, d’fheidhmiú shásraí faireacháin agus tuairiscithe na Náisiún Aontaithe ar an láthair.
- **Infheistiú i gcórais chomhtháite cosanta leanaí:** Ba cheart don Aontas tacú le córais chomhtháite cosanta sóisialta agus leanaí atá freagrúil ó thaobh aoise agus inscne de, cuimsitheach ó thaobh míchumais de, pobalbhunaithe i dtíortha leochaileacha agus i dtíortha ar fhág coinbhleachtaí a lorg orthu chun cabhrú le sárú ar chearta an linbh a chosc, a mhaolú, a théarnamh agus freagairt dó agus chun leanúnachas cúraim do leanaí a áirithiú, ar bhealach iomlánaíoch agus ilphháirtithe leasmhara, lena n-áirítear ath-lánpháirtiú, athshlánú, deiseanna oideachais, gairmoiliúint agus oiliúint theicniúil ina measc, seirbhísí cosanta leanaí, athaontú teaghlaigh i gcás inarb infheidhme, cúram sláinte leordhóthanach, lena n-áirítear cúram sláinte gnéis agus atáirgthe, seirbhísí tacaíochta meabhairshláinte agus síceasóisialta, agus gnéithe criticiúla eile.

- **Cláir thacaíochta um Dhí-armáil, Díshlógadh agus Athimeascadh (DDR), Athchóiriú na hEarnála Slándála agus Ceartas:** Breithnithe maidir le cosaint leanaí a chomhtháthú i gcláir dhí-armála, dhíshlógtha agus athimeasctha nó i gcláir ghaolmhara eile, in athchóiriú na hearnála slándála, in iarrachtaí agus i gcláir frithsceimhlitheoireachta lena ndéantar líonraí coireachta eagraithe a chomhrac, agus i gcláir cheartais atá báúil le leanaí (lena n-áirithítear rochtain atá báúil le leanaí ar cheartas, ar chúnamh dlíthiúil saor in aisce agus ar leigheas éifeachtach), agus tacú le tionscnaimh shaincheaptha athimeasctha atá dírithe ar leanaí. Tacú le hathimeascadh mar chuid de chóras cosanta leanaí níos leithne agus spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) a chur san áireamh, rud a áirithíonn gníomhaíocht níos cuimsithí, níos críochnúla agus níos fadtéarmaí.
- **Comhar agus abhcóideacht ar an láthair:** Ba cheart don Aontas comhar níos dlúithe a chothú le heintitis agus gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe, le rialtais náisiúnta agus le húdaráis áitiúla na dtíortha ina bhfuil coinbhleacht, le heagraíochtaí neamhrialtasacha idirnáisiúnta agus náisiúnta agus le heagraíochtaí áitiúla na sochaí sibhialta a oibríonn go díreach le leanaí ar an láthair (lena n-áirítear an Mheitheal Cairde maidir le leanaí ar fhág coinbhleachtaí armtha a lorg orthu). Mar fhorbairt ar an idirphlé rialta le comhpháirtithe idirnáisiúnta, le rialtais náisiúnta, le páirtithe i gcoinbhleacht agus le heagraíochtaí áitiúla maidir le cuspóirí agus prionsabail cosanta leanaí, ba cheart an dlúthchomhar leis an sásra faireacháin agus tuairiscithe arna shainordú ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus le Tascfhórsaí Tíre na Náisiún Aontaithe maidir le Faireachán agus Tuairisciú agus a meithleacha coibhéiseacha, agus an tacaíocht a thugtar dóibh, a neartú a thuilleadh.

- **Oiliúint agus Tacaíocht:** Is den ríthábhacht infheistíocht a dhéanamh i bhfothú acmhainneachta na ngníomhaithe uile a mbaineann a gcuid oibre le cosaint leanaí. Trí oiliúint agus tacaíocht a chur ar fáil, cuirfear feabhas ar chreataí rialála agus beartais, ar chláir agus ar idirghabhálacha ar gach leibhéal trí na scileanna agus na hacmhainní is gá a thabhairt dóibh siúd atá freagrach, idir dhaoine a bhfuil dualgas orthu agus sealbhóirí ceart, chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar riachtanais shonracha leanaí ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil. Tá gá le hoiliúint rialta fheabhsaithe do bhaill foirne an Aontais agus do bhaill foirne eile, go háirithe iad siúd a bhfuil teagmháil dhíreach acu le leanaí agus iad siúd a dhéanann cinntí a théann i bhfeidhm ar leanaí.

- **Tacú le réitigh áitiúla:** Trí aitheantas agus tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh síochána agus cosanta atá faoi stiúir leanaí agus an phobail, cumasaítear guthanna áitiúla agus ceadaítear réitigh atá iomchuí ó thaobh cultúir de.
- **Rannpháirtíocht leanaí:** a áirithiú go mbíonn leanaí rannpháirteach ar bhealach gníomhach cothrom fiúntach éifeachtach sa chinnteoireacht a théann i bhfeidhm orthu i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, go háirithe maidir le cláir athimeasctha a cheapadh. Féachfaidh an tAontas freisin le húsáid a bhaint as an mBonn Braite Óige a chuireann comhairle ar an gCoimisinéir agus ar an Ard-Stiúrthóireacht um Chomhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta (DG INTPA) agus ar na struchtúir chomhairleacha um an Óige a chuireann comhairle ar Thoscaireachtaí an Aontais, a bunaíodh faoin bPlean Gníomhaíochta don Óige i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais 2022-2027.

Trí na cuspóirí cuimsitheacha sin a chur chun feidhme, féadfaidh an tAontas feabhas suntasach a chur ar a rannpháirtíocht maidir le cosaint a thabhairt do leanaí ar fhág coinbhleachtaí armtha a lorg orthu. Le cur chuige comhoibríoch iomlánaíoch lena ndéantar infheistíocht in acmhainneachtaí áitiúla agus lena dtugtar tús áite do bhearta coisctheacha agus do chúnamh cuimsitheach, féadtar rannchuidiú le todhchaí níos sábháilte agus níos gile do leanaí atá i sáinn chogaíochta.

## 5 - CUR I bhFEIDHM AGUS IONSTRAIMÍ OIBRÍOCHTÚLA

### A) Uirlisí an Aontais maidir le Gníomhaíocht:

Tá réimse uirlisí ar fáil don Aontas chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna maidir le leanaí ar fhág coinbhleachtaí armtha a lorg orthu, mar fhorbairt ar na tionscnaimh atá ann cheana:

- **Idirphlé Polaitiúil**: Áireofar ar na gnéithe den idirphlé polaitiúil le tríú tíortha a bhaineann le cearta an duine dea-bhail agus cearta leanaí i gcásanna réamhchoinbhleachta, coinbhleachta agus iarchoinbhleachta.

- **Ionadaithe Speisialta an Aontais (ISAE):** Tá ról tábhachtach abhcóideachta ag ISAE um Chearta an Duine maidir leis an gcaoi a gcloítear le caighdeáin maidir le cearta leanaí ar bhonn domhanda. Ba cheart do ISAEnna geografacha gníomhaíochtaí sonracha agus for-rochtain a dhéanamh freisin maidir le saincheisteanna a bhaineann le leanaí agus coinbhleacht armtha i dtíortha tosaíochta a chumhdaítear faoina sainorduithe. Ba cheart dóibh leanaí ar fhág coinbhleachtaí armtha a lorg orthu a áireamh sa mhéid a chuireann siad i láthair do Mheithleacha na Comhairle. Ba cheart saincheist na leanaí ar fhág coinbhleacht armtha a lorg orthu a áireamh i sainorduithe ISAEnna i dtíortha tosaíochta nuair a bheidh siad le hathnuachan.

- ***Démarches* agus Ráitis Phoiblí:** Tathantóidh an tAontas ar thríú tíortha ábhartha bearta éifeachtacha a dhéanamh chun a áirithiú go gcosnófar leanaí ar éifeachtaí coinbhleachtaí armtha agus sáruithe tromchúiseacha agus chun deireadh a chur leis an tsaoirse ó phionós. Meabhróidh sé an ról tábhachtach is féidir leis an Aontas agus a chuid Ballstát a imirt chun tacú leis an idirphlé leis na páirtithe uile i gcoinbhleachtaí a bhféadfadh tionchar a bheith acu orthu agus chun deireadh a chur le sáruithe tromchúiseacha ar chearta leanaí agus chun na sáruithe sin a chosc. An tuarascáil bhliantúil ó Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe agus a thuarascálacha tírshonracha maidir le leanaí agus coinbhleacht armtha agus na conclúidí a ghabhann leo ó Mheitheal Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe um Leanaí agus Coinbhleacht Armtha, ba cheart iad a bheith ina dtreoir d'fhor-rochtain an Aontais. Beidh sé de chúram ar Ionadaithe Speisialta agus Cinn Mhisin an Aontais leanúint d'aghaidh a thabhairt ar an ábhar i gcomhar le gníomhaithe nach gníomhaithe stáit iad i gcás inarb ábhartha. I gcás inarb iomchuí, freagróidh an tAontas forbairtí dearfacha freisin. Leanfaidh an tAontas de thacú le daingniú uilíoch coinbhinsiún idirnáisiúnta maidir le cearta an duine, go háirithe an Coinbhinsiún um Chearta an Linbh agus an Prótacal Roghnach a ghabhann leis maidir le Leanaí a Rannpháirtiú i gCoinbhleachtaí Armtha agus Coinbhinsiún Uimh. 182 na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir leis na Cineálacha is measa Saothair Leanaí. Leanfaidh an tAontas de na stáit uile a spreagadh chun a ngealltanais a chur chun cinn trí mhachnamh a dhéanamh ar ionstraimí agus gealltanais idirnáisiúnta a fhormhuiniú chun leanaí ar fhág coinbhleacht a lorg orthu a chosaint, lena n-áirítear Prionsabail agus Gealltanais Pháras, Prionsabail Vancouver, an Dearbhú maidir le Scoileanna Sábháilte agus an Dearbhú Polaitiúil maidir le Cosaint Sibhialtach ar na hIarmhairtí Daonnúla a eascraíonn as úsáid Arm Pléascach i Limistéir a bhfuil Daonra Mór Iontu a Neartú. Molfaidh an tAontas do gach Stát Reacht na Róimhe a dhaingniú agus comhoibriú leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta agus le binsí agus sásraí cuntasachta idirnáisiúnta agus réigiúnacha eile, lena n-áirítear i bhforghníomhú barántas gabhála.
- **Comhoibriú Iltaobhach:** Tá an tAontas rannpháirteach i dtionscadail mhaoinithe a bhaineann le leanaí agus le coinbhleacht armtha trí chúnamh daonnúil agus comhar um fhorbairt. Féachfaidh an tAontas ar na féidearthachtaí atá ann chun an tacaíocht a leathnú, agus déanfaidh sé na naisc idir riachtanais dhaonnúla, forbartha agus cothaithe síochána a bhreithniú.

- **Comhar Déthaobhach**: Tá an tAontas tiomanta tacaíocht agus maoiniú a thabhairt do chláir darb aidhm cearta leanaí a chosaint agus a chur chun cinn trí chomhar déthaobhach le tríú tíortha agus ar an leibhéal réigiúnach i gcreat níos leithne na gcomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta agus na cabhrach daonnúla. Léireoidh na Ballstáit na tosaíochtaí sin ina dtionscadail dhéthaobhacha comhair freisin.
- **Tacaíocht don earnáil neamhrialtasach idirnáisiúnta, náisiúnta agus áitiúil:** Leanann an tAontas de thacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí neamhrialtasacha agus d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta a bhfuil baint acu le cosaint leanaí agus le cosaint a gceart i gcoinbhleachtaí armtha agus i gcomhthéacsanna eile foréigin. Ba cheart a áireamh ar an méid sin forbairt institiúidí agus tionscnaimh cosanta leanaí a neartú, lena n-áirítear córais cheartais atá báúil le leanaí, riarachán ceartais d'ógánaigh, athchóiriú reachtach, oiliúint agus comhairle do phóilíní áitiúla, d'fhórsaí armtha agus d'oifigigh pheannaideacha agus riaracháin ceartais, acmhainneacht eagraíochtaí neamhrialtasacha áitiúla um chearta leanaí a neartú, agus Dí-armáil, Díshlógadh agus Athimeascadh agus Athchóiriú na hEarnála Slándála a dhéantar agus leanaí á gcur san áireamh.
- **Misin agus oibríochtaí bainistithe géarchéime:** Tabharfar aghaidh go hiomchuí ar chosaint leanaí agus déanfar í a phríomhshruthú sna próisis phleanála, i ndoiciméid agus i seoladh na n-oibríochtaí, i gcomhréir leis an Seicliosta nuashonraithe maidir le cosaint leanaí ar fhág coinbhleachtaí armtha a lorg orthu a chomhtháthú i misin agus oibríochtaí CBSC. Déanfar riachtanais shonracha leanaí agus ábhair imní maidir le cosaint leanaí, go háirithe ábhair imní cailíní, a mheas i sainorduithe agus i bpleananna oibríochtúla, nuair is féidir, i bhfianaise shainorduithe agus chumais mhisin agus oibríochtaí an Aontais. Ba cheart oiliúint agus comhairle maidir le cosaint leanaí a chur ar fáil do phearsanra míleata agus sibhialtach imscartha mhisin agus oibríochtaí CBSC.

- **Comhar le comhpháirtithe:** Rannpháirtíocht i Meithleacha Cairde maidir le Leanaí agus Coinbhleacht Armtha agus meithleacha coibhéiseacha, chomh maith le teagmháil rialta maidir le faireachán agus tuairisciú le tascfhórsaí tíre na Náisiún Aontaithe, Oifig an Ionadaí Speisialta maidir le Leanaí agus Coinbhleacht Armtha, UNICEF, OCS agus an Roinn um Ghnóthaí Polaitiúla agus um Chothú na Síochána.

- **Bearta eile:** Féadfaidh an tAontas bearta spriocdhírithe a bhreithniú, lena n-áirítear bearta sriantacha más iomchuí, nó athbhreithniú a dhéanamh ar chomhaontuithe le tríú tíortha bunaithe ar an teist atá orthu maidir le cearta leanaí, go háirithe maidir le leanaí ar fhág coinbhleachtaí armtha a lorg orthu.

Agus úsáid á baint aige as an réimse uirlisí atá ar fáil dó, féachfaidh an tAontas lena áirithiú go gcuirfear cearta agus riachtanais shonracha leanaí san áireamh i gcuir chuige luathrabhaidh agus choisctheacha chomh maith le staideanna reatha coinbhleachta, caibidlíocht síochána, comhaontuithe síochána, céimeanna iarchoinbhleachta maidir le hatógáil, athshlánú, athimeascadh agus forbairt fhadtéarmach agus áiritheoidh sé go ndéanfar sáruithe tromchúiseacha i gcoinne leanaí a eisiamh ó gach pardún. Féachfaidh an tAontas lena áirithiú go mbeidh baint ag an bpobal áitiúil, lena n-áirítear leanaí, leis an bpróiseas síochána. Sa chomhthéacs seo, bainfidh an tAontas leas as an taithí a gheofar taobh istigh de chóras na Náisiún Aontaithe agus d'eagraíochtaí réigiúnacha agus cuirfidh sé leis sin.

**B) Cur i bhfeidhm:**

**Faireachán agus Tuairisciú**

- **Cinn Mhisin an Aontais, Cinn Mhisin CBSC agus Ceannasaithe Míleata i dtíortha tosaíochta:** Anailís ar thionchar na coinbhleachta ar leanaí a áireamh ina dtuarascálacha rialta, comhtháthú leanaí ar fhág coinbhleachtaí armtha a lorg orthu i straitéisí áitiúla tíre an Aontais maidir le Cearta an Duine agus an Daonlathas agus comhordú rialta a chothú ar an láthair le toscaireachtaí an Aontais, le misin Bhallstáit an Aontais, le misin agus oibríochtaí CBSC, le Comhordaitheoirí Cónaitheacha na Náisiún Aontaithe agus a bhFoirne Tíre, le Tascfhórsaí Tíre na Náisiún Aontaithe maidir le Faireachán agus Tuairisciú nó a gcoibhéisí, le deontóirí eile, le heagraíochtaí neamhrialtasacha agus leis an earnáil phríobháideach.

- **An Coimisiún:** Aird na Comhairle agus na mBallstát a tharraingt ar thuarascálacha agus ar fhaisnéis ábhartha maidir le tionscadail arna gcistiú ag an Aontas a bhaineann le leanaí ar fhág coinbhleachtaí armtha a lorg orthu, agus a áirithiú go ndéanfar acmhainní airgeadais atá leordhóthanach chun leanaí ar fhág coinbhleachtaí armtha a lorg orthu a chosaint a leithdháileadh i dtíortha tosaíochta, lena n-áirítear chun tacú le feidhmiú na sásraí faireacháin agus tuairiscithe ar an láthair, agus a áirithiú go bhfuil gníomhaíochtaí arna gcistiú ag an Aontas i gcomhréir leis na Treoirlínte.
- **Na Ballstáit:** Faisnéis a thabhairt maidir le tionscadail dhéthaobhacha agus rannpháirtíochtaí taidhleoireachta ábhartha a bhaineann le leanaí ar fhág coinbhleachtaí armtha a lorg orthu, lena n-áirítear comhordú ar an láthair i dtíortha tosaíochta.

**An Chomhairle: Cur chun feidhme agus obair leantach**

- Déanfaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála maoirseacht ar chur chun feidhme ghníomhaíochtaí an Aontais faoi na treoirlínte sin agus forbróidh sé módúlachtaí chun leanaí ar fhág coinbhleachtaí armtha a lorg orthu a phríomhshruthú i mbeartais agus i ngníomhaíochtaí ábhartha an Aontais, agus comhoibreoidh sé le comhlachtaí slándála agus forbartha eile an Aontais.
- Déanfaidh COHOM liosta na dtíortha tosaíochta a athbhreithniú, a thabhairt cothrom le dáta agus a fhoilsiú go rialta bunaithe ar fhaisnéis ó fhoinsí ábhartha, lena n-áirítear tuarascáil agus seisiúin faisnéise Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe agus áiritheoidh sé comhar idir na meithleacha ábhartha.
- Ceapfaidh Meithleacha geografacha ábhartha moltaí le haghaidh gníomhaíocht i staideanna a dtíortha tosaíochta faoi seach.
- Déanfaidh COHOM athbhreithniú agus meastóireacht ar chur chun feidhme na dtreoirlínte sin i gcomhar le gníomhaithe ábhartha agus sainaithneoidh sé bearnaí agus riachtanais fhéideartha i ndlúthchomhar leis na meithleacha ábhartha, na hIonadaithe Speisialta, na Cinn Mhisin, Cinn Mhisin na misean sibhialta agus Ceannasaithe Míleata an Aontais (trí shlabhra na n-orduithe).
- Féachfaidh COHOM ar an gcomhar breise a d'fhéadfaí a dhéanamh leis na Náisiúin Aontaithe, le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile, le heagraíochtaí neamhrialtasacha agus leis an earnáil phríobháideach.

- Tuairisceoidh SEGS go bliantúil don Choiste Polaitiúil agus Slándála maidir leis an dul chun cinn atá déanta i dtreo chuspóirí na dtreoirlínte sin a chomhlíonadh, go háirithe i dtíortha tosaíochta, agus éascóidh sé faisnéisiú arna dhéanamh ag Ionadaí Speisialta Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe maidir le Leanaí agus Coinbhleacht Armtha don Choiste Polaitiúil agus Slándála.

- Déanfaidh cathaoirligh na meithleacha téamacha agus geografacha ábhartha saincheist na leanaí ar fhág coinbhleachtaí armtha a lorg orthu a áireamh mar chuid ábhartha dá bplé, lena n-áirítear trí phlé comhpháirteach a eagrú idir meithleacha agus trí fhaisnéisiú seachtrach ó chomhpháirtithe na Náisiún Aontaithe agus ó shaineolaithe na sochaí sibhialta a éascú.

**Gníomhaíochtaí Breise Abhcóideachta agus For-rochtana**

- Eiseoidh an tArdionadaí ráiteas ar an Lá Idirnáisiúnta i gcoinne Úsáid Leanbhshaighdiúirí (an 12 Feabhra), i gcomhpháirt le hIonadaí Speisialta Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe maidir le Leanaí agus Coinbhleacht Armtha ar bhonn débhliantúil.

- Ba cheart don Aontas feasacht a mhúscailt faoi shaincheisteanna a bhaineann le leanaí ar fhág coinbhleachtaí armtha a lorg orthu ar an Lá Idirnáisiúnta chun an tOideachas a Chosaint ar Ionsaí (an 9 Meán Fómhair) agus ar Lá Domhanda na Leanaí (an 20 Samhain), agus ba cheart dó féachaint ar dheiseanna breise chun feasacht a mhúscailt faoi na saincheisteanna sin.

- Ba cheart do SEGS pacáiste faisnéise maidir le cearta an linbh i limistéir choinbhleachta a chur ar fáil do gach Ceann Toscaireachta nua, gach Ceann Misin agus Ceannasaí Míleata CBSC nua, gach pointe fócasach misin nua agus pointe fócasach nua um chearta an duine ag tús a sainordaithe.

- Ba cheart do SEGS agus don Choimisiún oiliúint rialta thiomnaithe a eagrú maidir le cosaint leanaí agus maidir le leanaí agus coinbhleachtaí armtha i gcomhar le comhpháirtithe na Náisiún Aontaithe, le seirbhísí ábhartha an Choimisiúin, agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha, lena n-áirítear maidir le leanaí agus Dí-armáil, Díshlógadh agus Athimeascadh nó próisis a bhaineann le Dí-armáil, Díshlógadh agus Athimeascadh.

## 6. CONCLÚID

Leagtar béim, leis na Treoirlínte nuashonraithe sin maidir le Leanaí agus Coinbhleacht Armtha (leanaí ar fhág coinbhleachtaí armtha a lorg orthu), ar rún daingean an Aontais tús áite a thabhairt do chearta agus do dhea-bhail leanaí le linn tréimhsí cogaidh agus éagobhsaíochta.

Déanfaidh an tAontas faireachán agus tuairisciú ar an dul chun cinn atá déanta chun éifeachtacht na dtreoirlínte sin a áirithiú. Déanfar tuairisciú rialta, chun réimsí a shainaithint a d'fhéadfaí a fheabhsú agus a oiriúnú freisin, d'fhonn a áirithiú go mbeidh freagairt an Aontais ar na dúshláin athraitheacha atá roimh leanaí i gcoinbhleachtaí armtha i gcónaí cuimsitheach agus go mbeidh tionchar aici.

Trí oibriú i gcomhar le gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe, le rialtais náisiúnta, le heagraíochtaí áitiúla agus leis an tsochaí shibhialta, is féidir leis an Aontas todhchaí níos sábháilte agus níos dóchasaí a chruthú do leanaí ar fhág coinbhleachtaí armtha a lorg orthu.

**IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis na Treoirlínte nuashonraithe**

**Iarscríbhinn 1 - Liosta nach bhfuil uileghabhálach de na noirm, caighdeáin agus prionsabail a d'fhéadfadh an tAontas a agairt ina theagmhálacha le Tríú Tíortha a bhaineann le leanaí ar fhág coinbhleachtaí armtha a lorg orthu**

## I. IONSTRAIMÍ NA NÁISIÚN AONTAITHE UM CHEARTA AN DUINE

**Conarthaí agus prótacail**

- An Dearbhú Uilechoiteann um Chearta an Duine (1948)
- An Coinbhinsiún um Chearta an Linbh (1989)
- Prótacal Roghnach II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Chearta an Linbh maidir le rannpháirteachas leanaí i gcoinbhleachtaí armtha (2002)
- Prótacal Roghnach I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Chearta an Linbh maidir le díol leanaí, striapachas leanaí agus pornagrafaíocht leanaí (2002)
- Coinbhinsiún 182 na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir leis na cineálacha is measa saothair leanaí a thoirmeasc agus le beart láithreach chun iad a dhíchur (1999)
- An Coinbhinsiún i dtaobh Stádas Dídeanaithe (1951)
- An Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla (1966)
- An Cúnant Idirnáisiúnta maidir le Cearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha (1966)
- An Coinbhinsiún in aghaidh Céastóireachta agus in aghaidh Íde nó Pionóis Eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach (1984)

**Rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe**

- Rúin maidir le leanaí agus coinbhleacht armtha: 1261 (1999), 1314 (2000), 1379 (2001), 1460 (2003), 1539 (2004), 1612 (2005), 1882 (2009), 1998 (2011), 2068 (2012), 2143 (2014), 2225 (2015), 2427 (2018), 2601 (2021)
- Rúin maidir le mná, an tsíocháin agus an tslándáil: 1325 (2000), 1820 (2008), 1888 (2009), 1960 (2010), 2106 (2013), 2242 (2015), 2331 (2016), 2467 (2019)
- Rúin maidir leis an óige, an tsíocháin agus an tslándáil: 2250 (2015), 2419 (2018), 2535 (2020)

**Rúin ón gComhthionól Ginearálta maidir le Leanaí agus Coinbhleachtaí Armtha**

Rúin ar chearta an linbh arna dtabhairt isteach ag an Aontas, i gcomhpháirt le Grúpa Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib (GRULAC), sa Chomhairle um Chearta an Duine agus sa Tríú Coiste de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe ar bhonn leathbhliantúil. Tá míreanna maidir le leanaí agus coinbhleachtaí armtha sna rúin sin.

## II. AN DLÍ DAONNÚIL IDIRNÁISIÚNTA, DÍDEANAITHE AGUS DAOINE EASÁITITHE INA DTÍR FÉIN

- Coinbhinsiún na Ginéive maidir le Cóireáil Príosúnach Cogaidh (1949)
- Coinbhinsiún na Ginéive maidir le Cosaint Daoine Sibhialta in Aimsir Chogaidh (1949)
- Prótacal Breise a ghabhann le Coinbhinsiúin na Ginéive an 12 Lúnasa 1949, agus a bhaineann le hÍospartaigh Coinbhleachtaí Armtha Idirnáisiúnta a Chosaint (Prótacal I) (1978)
- Prótacal Breise a ghabhann le Coinbhinsiúin na Ginéive an 12 Lúnasa 1949, agus a bhaineann le hÍospartaigh Coinbhleachtaí Armtha Neamh-Idirnáisiúnta a Chosaint (Prótacal II) (1977)
- An Coinbhinsiún i dtaobh Stádas Dídeanaithe (1951)
- An Coinbhinsiún i dtaobh Stádas Dídeanaithe (1967)
- Treoirphrionsabail maidir le hEasáitiú Intíre (1998)
- Dlí daonnúil idirnáisiúnta an ghnáis

## III. AN DLÍ COIRIÚIL IDIRNÁISIÚNTA

- Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta (2002)

## IV. GEALLTANAIS AGUS IONSTRAIMÍ ÁBHARTHA IDIRNÁISIÚNTA EILE

- *Principles and Guidelines on Children Associated with Armed Forces or Armed Groups* [Na prionsabail agus na treoirlínte maidir le leanaí a bhaineann le fórsaí armtha nó le grúpaí armtha] (Prionsabail Pháras) (2007)

- *Guidelines for Protecting Schools and Universities from Military Use during Armed Conflict* [Treoirlínte maidir le scoileanna agus ollscoileanna a chosaint ar úsáid mhíleata le linn coinbhleacht armtha] (2014)

- *Safe School Declaration* [Dearbhú 'Scoil Shábháilte'] (2015)

- *Vancouver Principles on Peacekeeping and the Prevention of the Recruitment and Use of Child Soldiers* [Prionsabail Vancouver maidir leis an tsíochánaíocht agus le hearcú agus úsáid saighdiúirí leanaí a chosc] (2017)

- *Political Declaration on Strengthening the Protection of Civilians from the Humanitarian Consequences arising from the use of Explosive Weapons in Populated Areas (EWIPA)* [Dearbhú Polaitiúil maidir le cosaint sibhialtach ar na hiarmhairtí daonnúla a eascraíonn as úsáid arm pléascach i limistéir a bhfuil daonra iontu a neartú (EWIPA) (2022)]

**Iarscríbhinn 2 – Beartas agus ionstraimí an Aontais**

**CBES agus ionstraimí bainistithe géarchéime**

- Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Cearta an Duine agus an Daonlathas (2020-2024)

- Compás Straitéiseach an Aontais don tSlándáil agus don Chosaint (2022)

- Comhshocrú Sibhialtach CBSC (2023)

- Beartas díchill chuí an Aontais Eorpaigh i ndáil le cearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta maidir le tacaíocht ón earnáil slándála do thríú páirtithe (2023)
- Teachtaireacht Chomhpháirteach: cur chuige straitéiseach i ndáil le dí-armáil, díshlógadh agus ath-lánpháirtiú iarchomhraiceoirí (2021)
- An chomhpháirtíocht straitéiseach idir na Náisiúin Aontaithe agus an tAontas Eorpach maidir le hoibríochtaí síochána agus bainistiú géarchéime: Tosaíochtaí (2022-2024)
- An seicliosta nuashonraithe maidir le cosaint leanaí a bhfuil lorg fágtha orthu ag coinbhleacht armtha a áireamh in oibríochtaí agus misin CBSC (2024)
- An Comhdhearcadh Eorpach maidir le Cabhair Dhaonnúil (2008)
- *EU-UNICEF Child Rights Toolkit: Integrating Child Rights in Development Cooperation* [Sraith straitéisí AE-UNICEF maidir le cearta an linbh: Cearta an linbh a chomhtháthú sa chomhar um fhorbairt] (2014)
- Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le cosaint dhaonnúil – *Improving protection outcomes to reduce risks for people in humanitarian crisis* [Feabhas a chur ar thorthaí cosanta chun rioscaí a laghdú i gcás daoine atá i ngéarchéim dhaonnúil] (2016)
- Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le hoideachas i gcásanna éigeandála in oibríochtaí um chabhair dhaonnúil arna gcistiú ag an Aontas (2019)
- Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le hoideachas i gcásanna éigeandála agus i ngéarchéimeanna fada (2018)
- Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin dar teideal *Gender in Humanitarian Assistance: Different Needs, Adapted Assistance* [Inscne sa chabhair dhaonnúil: riachtanais éagsúla, cúnamh oiriúnaithe] (2013)
- Coincheap maidir le hIdirghabháil Síochána an Aontais (2020)
- *Peace Mediation Guidelines* [Treoirlínte maidir le hIdirghabháil Síochána], SEGS (2020)
- Coincheap Cobhsaíochta an Aontais, WK 13776/2022 INIT (2022)

**Beartas agus ionstraimí an Chomhphobail**

- Straitéis an Aontais Eorpaigh um Chearta an Linbh (2021)
- Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh don Óige i ngníomhaíochtaí seachtracha (2022-2027)
- Treoirlínte ón Aontas Eorpach maidir le Cearta an Linbh a Chur Chun Cinn agus a Chosaint (2017)
- Moladh ón gCoimisiún maidir le córais chomhtháite cosanta leanaí (2024, le deimhniú)
- Teachtaireacht chomhpháirteach: Cur chuige straitéiseach an Aontais i ndáil le dí-armáil, díshlógadh agus ath-lánpháirtiú iarchomhraiceoirí (2021)
- Teachtaireacht chomhpháirteach: Gnéithe le haghaidh creat straitéiseach uile-Aontais chun tacú le hathchóiriú na hearnála slándála (2016)

**Iarscríbhinn 3 – Tuarascálacha agus treoirdhoiciméid ábhartha ó na Náisiúin Aontaithe**

**Tuarascálacha ó Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe**

Na Náisiúin Aontaithe. Tuarascálacha bliantúla (2000 – anois) agus tuarascálacha tírshonracha (2006 – anois) maidir le leanaí agus coinbhleacht armtha.

**Tuarascálacha ón Ionadaí Speisialta**

Na Náisiúin Aontaithe. Tuarascálacha ón Ionadaí Speisialta chuig an gComhthionól Ginearálta (1998–anois) agus chuig an gComhairle um Chearta an Duine (1998–anois).

**An Chomhairle Slándála agus an Mheitheal um Leanaí agus Coinbhleacht Armtha**

- Conclúidí ón Meitheal maidir le tuarascálacha tírshonracha an Ard-Rúnaí ar leanaí agus coinbhleacht armtha: www.un.org/securitycouncil/subsidiary/wgcaac/sgreports.

- Rúin agus ráitis ón uachtarán maidir le leanaí agus coinbhleacht armtha: www.un.org/securitycouncil/subsidiary/wgcaac/resolutions.
- Litreacha ó Uachtarán na Comhairle Slándála chuig an Ard-Rúnaí maidir le leanaí agus coinbhleacht armtha: www.un.org/securitycouncil/subsidiary/wgcaac/letters.
- Téarmaí tagartha na Meithle um Leanaí agus Coinbhleacht Armtha agus an 'sraith uirlisí': www.un.org/securitycouncil/subsidiary/wgcaac/reference.

**Foilseacháin agus Nótaí Treorach ó Oifig Ionadaí Speisialta an Ard-Rúnaí maidir le leanaí ar fhág coinbhleachtaí armtha a lorg orthu**

- *The Six Grave Violations against Children During Armed Conflict: the Legal Foundation.* [Na sé shárú thromchúiseacha ar leanaí le linn coinbhleachtaí armtha: an Fhondúireacht Dhlíthiúil]. Nua-Eabhrac, 2009 (nuashonraithe 2013)
- *Children and Justice During and in the Aftermath of Armed Conflict* [Leanaí agus ceartas le linn coinbhleacht armtha agus ina dhiaidh sin] (2011)
- Treoirnóta maidir leis an gComhairle Slándála 1998 (2014)
- *Guidelines and Field Manual - Monitoring and Reporting Mechanism on Grave Violations against Children in Situations of Armed Conflict* [Treoirlínte agus Lámhleabhar Allamuigh - Sásra faireacháin agus tuairiscithe maidir le sáruithe tromchúiseacha i gcoinne leanaí i gcásanna coinbhleachta armtha](2014)
- *20 Years to Better Protect Children Affected by Conflict* [20 bliain chun cosaint níos fearr a thabhairt do leanaí ar fhág coinbhleachtaí armtha a lorg orthu] (2016)
- *Practical Guidance for Mediators to Protect Children in Situations of Armed Conflict* [Treoir phraiticiúil d'idirghabhálaithe chun leanaí a chosaint i gcásanna coinbhleachta armtha] (2020)
- *Impact of the COVID-19 Pandemic on Violations against Children in Situations of Armed Conflict* [Tionchar phaindéim COVID-19 ar sháruithe i gcoinne leanaí i gcásanna coinbhleachta armtha] (2021)
- *Guidance Note on Abductions* [Nóta treorach maidir le fuadaigh] (2023)
- *Gender Dimension of Grave Violations Against Children In Armed Conflict* [An ghné inscne a bhaineann le sáruithe tromchúiseacha i gcoinne leanaí i gcoinbhleacht armtha] (2022)
- *Towards Greater Inclusion: A Discussion Paper on the CAAC Mandate and Children with Disabilities in Armed Conflict* [I dtreo níos mó cuimsithe: Plépháipéar ar an sainordú i dtaca le leanaí ar fhág coinbhleachtaí armtha a lorg orthu agus le leanaí faoi mhíchumas i gcoinbhleacht armtha] (2023)